

Ag obair sa Chistin - Loirg STEM

Tá dhá leibhéal sna ceisteanna seo agus tá dathanna éagsúla orthu

Leibhéal 1 Glas - feiliúnach do pháistí óga

Leibhéal 2 Gorm - feiliúnach do pháistí níos sine

Is féidir leis na páistí na freagraí scríobh nó úsáid a bhaint as teicneolaíocht chun iad a chlarú.

1. Sula dtéann tú isteach sa chistin -

Leibhéal 1 Glas

Inis dom faoin doras. Céard a fheiceann tú? Cén cruth atá air?

An dtitfidh sé nuair a osclóidh tú é? Tuige?

Céard a tharlaíonn nuair a osclaíonn tú an doras? Tarraing pictiúr

Leibhéal 2 Gorm

An féidir leat meastachán a dhéanamh ar airde agus ar leithead an dorais? Céard a d'fheadfaí a úsáid chun airde agus leithead an dorais a thomhas? Tomhas an doras, más mian leat.

Céard iad na hábhair atá an doras agus an fráma déanta astu?

Céard iad na cinn nadúrtha agus céard iad na cinn saorga?

Nuair a osclaíonn tú an doras, cén uillinn rothlaithe a aithníonn tú?

Cén chaoi a d'oscail tú an doras? Mínigh do fhreagra.

Scéitseáil do phictiúr thíos agus cuir lipéid air leis na toisí srl.

2. Oscail an doras agus siúil ar aghaidh dhá chéim. Cas timpeall aríst agus breathnaigh ar an doras. Cén fáth go mbeadh sé contúirteach do mheara a chur in aice leis na hinsí.

Leibheal 1 Glas

Fan san áit ina bhfuil tú!! Céard a fheiceann tú? Céard atá le feiceáil a insíonn dúinn go mbíonn daoine ag obair sa chistin? An bhfuil focail le feiceáil? An bhfuil aon chomharthaí le feiceáil?

Cé mhéad céim as an spóta ina bhfuil tú ag seasamh go dtí..... (Déan meastachán ar dtús, ansin déan cinntiú!!)

1. An doirteal - céard a fheiceann tú?
2. Ón doirteal go dtí an cuisneoir - céard a cheapann tú a fheicfidh tú nuair a osclaíonn tú an doras? Céard a chloiseann tú?
3. Ón gcuisneoir go dtí an sorn? An bhfuil sé ar siúl? Cá bhfios duit?
4. Ón sorn go dtí an tarraiceán seanra? Céard atá le feiceáil sa tarraiceán? An bhfuil sé eagraithe, dar leat?
5. Ón tarraiceán seanra go dtí an bosca bruscair? An bhfuil sé lán nó folamh? Céard a cheapann tú? Cén uair go deireanach a folmhú é?

Cláraigh do mheastachán agus do chéimeanna anseo

Céimeanna chuig	An doirteal	An cuisneoir	An sorn	An tarraiceán sceanra	An bosca bruscair	
Meastachán						
Líon na gcéimeanna						

Cén áit a chuirfeá na comharthaí seo i do chistin?



uisce te



contúirt



leictreachas

Leibhéal 2 Gorm

Oscloídh an doras seo ag 90°. Má fhaigheann sé sáinnithe agus é aon trian oscailte, cé mhéad céim é sin?

An féidir leat meastachán a dhéanamh, i meadair, ar airde na síleála i do chistin?

An bhfuil airde na síleála mar an gcéanna i ngach aon teach? Tuige?

An féidir leat meastachán a dhéanamh ar thoisí na fuinneoige is lú as chistin?

An féidir leat meastachán a dhéanamh ar thoisí na fuinneoige is mó as chistin?

Céard a d'fheadfá a úsáid chun na toisí a thomhas? Céard iad na huirlisí a chabhródh leat?

Céard iad na hábhair a aithníonn tú i bhfrámaí na bhfuinneog? Cé chomh sean agus atá na fuinneoga, dar leat? Cén uair a rinneadh iad? Breathnaigh ar na fuinneoga. An bhfuil aon leideanna ann duit?


3. Stop agus réitigh

Leibhéal 1 Glas


Cé mhéad fearas i do chistin a úsáideann leictreachas? Cá bhfios duit?

Céard iad na rudaí i do chistin a oibríonn gan leictreachas? Cláraigh do smaointí sa bhosca thíos.

Teastaíonn Leictreachas




Ní theastaíonn leictreachas




Leibhéal 2 Gorm

Cé mhéad do na focail seo a leanas a d'fheadfá a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar an sorn/oigheann micreathonnach/cuisneoir? Línte comhthreomhara, línte ingearacha, dronuilleoga, cearnóga, ciúbóideach, sféir, heicseagáin.

Tarraing fearas atá trí chinn do na tréithe thuasluaite ann.



Cén chaoi go gcuireann an lasc sholais an solas ar siúl? Cén chaoi go noibríonn na soilse leictreach i do theach, dar leat? An bhfuil aon lasc eile sa seomra?



Céard a cheapann tú?

4. Leibhéal 1 Glas

An féidir leat plan a dhéanamh do chistin a thaispeánann na rudaí seo a leanas

- Citeal
- Bolgán solais
- Fuinneoga
- Murlán dorais
- Clúdach urláir
- Cuisneoir
- Sorn
- Bord agus cathaoireacha

Ainmnigh 3 rud ar do phlean atá déanta as ábhar saorga.

Leibhéal 2 Gorm

Caithfear an bhfuinneog bheag sa chistin a athrú agus fuinneog nua déghloinithe a chur isteach. Céard iad na toisí a chaithfidh tú a thabhairt do chomhlacht na bhfuinneog. Cén caoi a dhéanann tú taifead ar seo? Cén mhéad a chosnóidh sé má chosnaíonn pána déghloinithe €40 an meadar cearnach ?

Mar gheall ar an bhfuinneog briste, tá an seomra fuar anois. Ainmnigh 3 rud a d'fheadfá a dhéanamh go sealadach chun caoi a chur ar an bhfuinneog. Cén ceann a shábhálfadh an méid is mó teasa? Cén bealach a d'fheadfá é seo a chruthú.

Nascanna chuig suíomhanna eile agus foinsí eolais

<http://www.haveyougotmathseyes.com/> nó <http://www.haveyougotmathseyes.com/developing-maths-trails/>

https://pdst.ie/sites/default/files/MathsTrailsOverview_0.pdf

<https://www.mathsweek.ie/2016/puzzles/maths-trails>

www.irishtrails.ie

www.ncetm.org.uk/search?q=maths+trails

www.trails.ie